CINNEADH Uimh. 58/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 18 Márta 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1126]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1243 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú i mótarfheithiclí agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar Caibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas i bpointe 52 (Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   ", arna leasú le:

   — **32021 R 1243**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1243 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021 (IO L 272, 30.7.2021, lch. 11)."

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 52b (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/646 ón gCoimisiún):

   "52c. **32021 R 1243**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1243 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú i mótarfheithiclí agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin (IO L 272, 30.7.2021, lch. 11)."

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1243 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Márta 2022 ar choinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh ina leith *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 55/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 272, 30.7.2021, lch. 11.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

([2]) Féach leathanach 27 den Iris Oifigiúil seo.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Márta 2022.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN